Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8793/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0085(NLE)**

**FISC 75**
**ECOFIN 434**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 154 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Rómáin bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 26(1), pointe (a) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 154 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 154 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2024
COM(2024) 154 final

2024/0085 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear don Rómáin bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 26(1), pointe (a) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ('an Treoir maidir le CBL')[1], féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2023, d'iarr an Rómáin go gcuirfí síneadh leis an maolú ar Airteagal 168 agus Airteagal 26(1)(a) den Treoir maidir le CBL chun leanúint de shrian a chur leis an gceart CBL ar ionchur a asbhaint ar chaiteachas a bhaineann le mótarfheithiclí nach n-úsáidtear go heisiach chun críoch gnó, agus chun faoiseamh a thabhairt do dhaoine inchánach óna bheith faoi iallach caitheamh le húsáid phríobháideach feithiclí den sórt sin mar bheadh soláthar seirbhísí ar chomaoin ann. I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 9 Samhain 2023 maidir leis an iarraidh a rinne an Rómáin. Le litir dar dáta an 10 Samhain 2023, thug an Coimisiún fógra don Rómáin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige, dar leis, chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Foráiltear le hAirteagal 168 den Treoir maidir le CBL go bhfuil duine inchánach i dteideal asbhaint a dhéanamh ar CBL a mhuirearaítear ar cheannacháin a dhéantar chun críoch idirbheart cáinmhuirearaithe. Ceanglaítear le hAirteagal 26(1)(a) den Treoir chéanna go mbeidh úsáid earraí atá ina gcuid de shócmhainní gnólachta chun críoch príobháideach mar bheadh soláthar seirbhísí ar chomaoin ann má bhí CBL ar na hearraí incháilithe lena n-asbhaint. Leis an gcóras sin is féidir CBL a asbhaineadh ar dtús a aisghabháil i ndáil leis an úsáid phríobháideach.

I gcás gluaisteán paisinéirí, is deacair an córas sin a chur i bhfeidhm, go háirithe toisc gur deacair an deighilt idir úsáid phríobháideach agus úsáid ghnó a shainaithint. I gcás ina gcoimeádtar taifid, cuireann siad ualach breise ar an ngnó agus ar an riarachán araon iad a choinneáil ar bun agus a sheiceáil.

Tugadh údarú don Rómáin ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE[2] ón gComhairle beart speisialta a chur i bhfeidhm lena gcuirtear teorainn 50 % leis an gceart CBL a asbhaint ar mhótarfheithiclí bóthair a cheannach, a fháil taobh istigh den Chomhphobal, a allmhairiú, a fhruiliú nó a léasú agus le caiteachas a bhaineann leis an méid sin, lena n-áirítear ceannach breosla, i gcás nach n-úsáidtear na feithiclí sin go heisiach chun críocha gnó. Ní raibh feidhm ag an mbeart speisialta maidir le mótarfheithiclí bóthair ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe níos mó ná 3 500 kg nó ag a bhfuil níos mó ná naoi suíochán lena n-áirítear suíochán an tiománaí. Ina theannta sin, rinneadh roinnt catagóirí feithiclí a eisiamh go sonrach ón srian sin ar an gceart asbhainte, amhail feithiclí a úsáidtear go heisiach le haghaidh seirbhísí éigeandála, slándála, cosanta nó cúiréireachta, feithiclí a úsáideann gníomhairí díolacháin agus ceannaithe, feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí agus tacsaithe a iompar, feithiclí a úsáidtear le haghaidh teagaisc ag scoileanna tiomána, feithiclí a úsáidtear le

---

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE ón gComhairle an 26 Aibreán 2012 lena n- údaraítear don Rómáin bearta a chur i bhfeidhm chun maolú ar Airteagal 26(1)(a) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 117, 1.5.2012, lch. 7).

haghaidh fruilithe nó léasaithe nó feithiclí a úsáidtear mar thráchtearraí chun críocha trádála. San am céanna, i dtaca le daoine incheánach, tugadh faoiseamh ó chuntasaíocht a dhéanamh maidir le cáin ar úsáid phríobháideach feithicle bóthair innealta dóibh i gcás ina raibh sí faoi réir an tsriain sin. Cuireadh síneadh le tréimhse bhailíochta na mbeart speisialta sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/156 ón gComhairle an 27 Eanáir 2015[3] go dtí an 31 Nollaig 2017, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2012 ón gComhairle an 7 Samhain 2017[4] go dtí an 31 Nollaig 2020 agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1262 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020[5] go dtí an 31 Nollaig 2023.

D'iarr an Rómáin síneadh a chur leis an údarú chun an asbhaint tosaigh a theorannú do chéatadán socraithe agus dá réir sin faoiseamh a thabhairt don ghnó ó chuntasaíocht a dhéanamh ar cháin ar an úsáid phríobháideach. Chuir an Rómáin in iúl don Choimisiún gurb ionann, den chuid is mó, na forais le fad a chur leis na bearta speisialta agus na forais a thuairiscítear san iarraidh tosaigh. I gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE ón gComhairle, thíolaic an Rómáin tuarascáil faoin teorainn maidir le hasbhaint a chuir an Rómáin i bhfeidhm. Tá an Rómáin den tuairim go bhfuil ról na mbeart speisialta comhlíonta acu. Is simpliú é an maolú a chuireann deireadh leis an ngá atá ann go gcoimeádfadh an duine incheánach taifid míleáiste a bhaineann le húsáid ghnó agus míleáiste a bhaineann le húsáid phríobháideach na feithicle. An beart speisialta seo lena gcuirtear teorainn leis an gceart CBL a asbhaint, cruthaíonn sé na dálaí chun imghabháil cánach a chosc, rud a d'fhéadfaí a ghiniúint trí níos lú ná úsáid phearsanta iarbhír a thaifeadadh.

De réir na tuarascála a chuir an Rómáin isteach mar a cheanglaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE ón gComhairle, is ard atá sciar na bhfiontar beag sa Rómáin ina bhfuil níos lú ná naonúr fostaithe: Fiontair bheaga nó mheánmhéide a bhí in 99,7 % de na fiontair ghníomhacha uile in earnáil na tionsclaíochta, in earnáil na tógála nó in earnáil na seirbhísí in 2021; agus fiontair ghníomhacha a raibh suas le naonúr fostaithe iontu a bhí in 91,1 % de na hoibreoirí eacnamaíocha agus sóisialta gníomhacha uile sna hearnálacha sin. Tá áitithe ag an Rómáin, sa chleachtas, go n-úsáidtear carr atá faoi úinéireacht na bhfiontar sin go minic le haghaidh gníomhaíochtaí gnó agus chun críoch pearsanta araon.

Bunaithe ar an méid sin thuas, tá curtha in iúl ag an Rómáin gur léiriú fós é an teorainn 50 % den cheart CBL a asbhaint ar an úsáid ghnó agus phríobháideach fhoriomlán a bhaineann daoine incheánacha as feithiclí sa Rómáin agus gur cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil an teorainn sin fós iomchuí.

I bhfianaise thionchar dearfach na mbeart speisialta ar ualach riaracháin na gcáiníocóirí agus na n-údarás cánach araon, moltar, faoi réir coinníollacha áirithe, an síneadh atá iarrtha a údarú.

Ba cheart na bearta speisialta a theorannú ó thaobh ama go dtí an 31 Nollaig 2026, ionas go mbeifear in ann athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanas agus éifeachtacht na mbeart speisialta

---

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/156 ón gComhairle an 27 Eanáir 2015 lena gcuirtear síneadh le tréimhse bhailíochta Chinneadh 2012/232/AE lena n-údaraítear don Rómáin bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 26, 31.1.2015, lch. 27).

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2012 ón gComhairle an 7 Samhain 2017 lena leasaítear Cinneadh 2012/232/AE lena n-údaraítear don Rómáin bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 292, 10.11.2017, lgh. 57–58).

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1262 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh 2012/232/AE lena n-údaraítear don Rómáin bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 296, 10.9.2020, lch. 6)

agus ar cibé atá nó nach bhfuil an srian 50 % ina léiriú ceart fós ar an gcionroinnt fhoriomlán idir úsáid ghnó agus úsáid phríobháideach. Ba cheart tuarascáil a bheith ag gabháil le haon iarraidh ar shíneadh ama ina mbeidh athbhreithniú ar an gcéatadán a cuireadh i bhfeidhm agus ba cheart í a sheoladh chuig an gCoimisiún in éineacht leis an iarraidh sin faoin 31 Márta 2026.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tugadh maoluithe den chineál céanna maidir leis an gceart asbhainte do Bhallstáit eile.

Sonraítear in Airteagal 176 den Treoir maidir le CBL go gcinnfidh an Chomhairle an caiteachas nach bhfuil CBL in-asbhainte ina leith. Go dtí sin, tá údarú tugtha aici do na Ballstáit eisiaimh a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 1979 a choinneáil ar bun. Mar sin tá roinnt forálacha 'neamhghníomhaíochta' lena gcuirtear srian leis an gceart CBL a asbhaint i ndáil le carranna paisinéirí.

D'ainneoin tionscnaimh roimhe seo chun rialacha a bhunú maidir leis na catagóirí caiteachais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srian ar an gceart CBL[6] a asbhaint, is iomchuí maolú den sórt sin le linn tréimhse ina bhfuiltear ag fanacht le comhchuibhiú na rialacha sin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise na forála sa Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an mhaolaithe, tá na bearta speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an bailiú cánach a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc. Go háirithe, ós rud é go bhféadfadh gnólachtaí gan a ndliteanais uile a dhearbhú agus i bhfianaise na seiceála troma ar shonraí maidir le míleáiste d'údaráis chánach, shimpleodh an srian 50 % an nós imeachta um bailiú CBL in earnálacha sonracha agus chuirfeadh sé cosc ar imghabháil cánach inter alia trí choimeád taifead mícheart.

Tá teorainn ama leis an maolú freisin agus tá tuarascáil maidir le feidhmiú agus éifeachtacht na mbeart le hullmhú ar eagla gur mian leis an Rómáin fad a chur leis na bearta speisialta.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim a mholtar: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir 2006/112/CE ón gComhairle, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar

[6] COM (2004) 728 final - Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/388/CEE d'fhonn oibleagáidí cánach breisluacha a shimpliú (IO C 24, 29.1.2005, lch. 10) a tarraingíodh siar an 21 Bealtaine 2014 (IO C 153 21. 05. 2014, lch. 3)

thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Rómáin agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Dearadh an togra chun imghabháil CBL a chomhrac agus chun an nós imeachta chun cáin a ghearradh a shimpliú agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar ghnólachtaí agus ar lucht riaracháin araon. Shainaithin an Rómáin gur beart oiriúnach é an réiteach, beart atá inchomparáide le maoluithe eile a bhí ann roimhe agus atá ann faoi láthair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht diúltach ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Tá clásal éagtha sa togra; teorainn ama uathoibríoch atá socraithe ag an 31 Nollaig 2026.

I gcás ina measfadh an Rómáin síneadh eile a chur leis na bearta speisialta tar éis 2026, ba cheart tuarascáil lena n-áirítear athbhreithniú ar an theorainn an chéatadáin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an iarraidh ar shíneadh agus é sin tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2026.

2024/0085 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear don Rómáin bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 26(1), pointe (a) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 168 de Threoir 2006/112/CE bunaítear ceart do dhaoine inchánach an CBL a ghearrtar ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun críocha a n-idirbheart faoi cháin a asbhaint ón gcáin bhreisluacha (CBL) atá dlite nó íoctha sa Bhallstát ábhartha. De bhun Airteagal 26(1), pointe (a), den Treoir sin, caithfear le húsáid earraí ar cuid iad de shócmhainní gnó le haghaidh úsáid phríobháideach daoine inchánach nó a bhfoirne nó, ar bhonn níos ginearálta, chun críocha nach mbaineann lena ngnó, i gcás ina raibh an CBL ar na hearraí sin in-asbhainte go hiomlán nó go páirteach, mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE[2] ón gComhairle, údaraíodh don Rómáin teorainn 50 % a chur leis an gceart CBL a asbhaint ar cheannach, fáil, allmhairiú, fruiliú nó léasú mótarfheithiclí áirithe bóthair taobh istigh den Chomhphobal chomh maith leis an CBL a ghearrtar ar chaiteachas a bhaineann leis na feithiclí sin, i gcás nach n-úsáidtear na feithiclí sin go heisiach chun críocha gnó, agus chun faoiseamh a thabhairt do dhaoine inchánacha óna bheith faoi iallach caitheamh le húsáid feithiclí den sórt sin chun críocha nach mbaineann lena ngnó mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin de bhun Airteagal 26(1), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE.

(3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2023, d'iarr an Rómáin údarú, i gcomhréir le hAirteagal 395(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2006/112/CE, chun leanúint de na bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE chun srian a chur leis an gceart asbhainte i ndáil le caiteachas ar mhótarfheithiclí áirithe bóthair nach n-úsáidtear go heisiach chun críocha gnó agus chun daoine inchánacha a shaoradh ó bheith ag caitheamh le húsáid feithiclí den sórt sin chun críocha eile seachas críocha a ngnó mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin ('bearta speisialta').

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE ón gComhairle an 26 Aibreán 2012 lena n- údaraítear don Rómáin bearta a chur i bhfeidhm chun maolú ar Airteagal 26(1)(a) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 117, 1.5.2012, lch. 7 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2012/232/oj).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a chuir an Rómáin faoi bhráid na mBallstát eile le litir dar dáta an 9 Samhain 2023. Le litir dar dáta an 10 Samhain 2023, thug an Coimisiún fógra don Rómáin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige, dar leis, chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(5) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE, chuir an Rómáin, in éineacht leis an iarraidh ar shíneadh, tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an Chinnidh Cur Chun Feidhme sin. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair, tá ráite ag an Rómáin go bhfuil an teorainn 50 % fós inchosanta agus go bhfuil sé fós iomchuí.

(6) Na bearta speisialta a údaraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/232/AE, chuaigh siad in éag an 31 Nollaig 2023. I bhfianaise an tionchair dhearfaigh ar ghnólachtaí agus ar riaracháin araon, is iomchuí na bearta speisialta a dheonú.

(7) Ba cheart na bearta speisialta a theorannú don am is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart speisialta sin agus ar oiriúnacht na teorann céatadáin. Ba cheart a údarú don Rómáin dá bhrí sin na bearta speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026.

(8) Tá na bearta speisialta i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú, i.e. an nós imeachta maidir le bailiú CBL a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc, ós rud é go bhfuil siad teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis na bearta speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(9) I gcás ina measann an Rómáin gur gá síneadh ama a chur leis na bearta speisialta tar éis 2026, ba cheart di iarraidh ar shíneadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2026, mar aon le tuarascáil ina n-áirítear athbhreithniú ar an srian céatadáin a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gceart CBL a asbhaint.

(10) De réir na faisnéise a chuir an Rómáin ar fáil ina hiarraidh, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag cur i bhfeidhm na mbeart speisialta ar mhéid foriomlán ioncam cánach a bhailíonn an Rómáin ag céim an tomhaltais deiridh agus ní dhéanfar dochar d'acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear don Rómáin teorainn 50 % a chur leis an gceart CBL a asbhaint ar cheannach, fáil, allmhairiú, fruiliú nó léasú mótarfheithiclí bóthair laistigh den Chomhphobal chomh maith le CBL a ghearrtar ar chaiteachas a bhaineann leis na feithiclí sin, i gcás nach n-úsáidtear an fheithicil go heisiach chun críocha gnó.

*Airteagal 2*

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir le mótarfheithiclí bóthair ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe níos mó ná 3 500 kg nó níos mó ná naoi suíochán lena n-áirítear suíochán an tiománaí.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir leis na catagóirí mótarfheithiclí bóthair seo a leanas:

(a) feithiclí a úsáidtear go heisiach le haghaidh seirbhísí éigeandála, le haghaidh seirbhísí slándála, cosanta agus cúiréireachta;

(b) feithiclí arna n-úsáid ag gníomhairí díolacháin agus ag gníomhairí ceannaigh;

(c) feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí a iompar ar chomaoin, lena n-áirítear seirbhísí tacsaí;

(d) feithiclí a úsáidtear chun seirbhísí a sholáthar ar chomaoin, lena n-áirítear ceachtanna a fhruiliú nó a thiomáint arna soláthar ag scoileanna tiomána;

(e) feithiclí a úsáidtear le haghaidh fruilithe nó léasaithe;

(f) feithiclí a úsáidtear mar thráchtearraí chun críocha trádála.

*Airteagal 3*

De mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE, tugtar údarú don Rómáin gan caitheamh leis an úsáid phríobháideach a bhaineann duine inchánach nó a fhoireann nó, ar bhonn níos ginearálta, chun críoch seachas críocha a ghnó, as feithicil a bhfuil feidhm ag an srian dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo maidir léi mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin.

*Airteagal 4*

Tabharfaidh an Rómáin fógra don Choimisiún faoi na bearta náisiúnta lena gcuirfear chun feidhme na bearta speisialta le haghaidh na maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 3.

*Airteagal 5*

1. Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2026.

3. Má mheasann an Rómáin gur gá síneadh a chur leis na bearta speisialta a leagtar síos in Airteagail 1 agus 3, cuirfidh sí iarraidh ar shíneadh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2026, mar aon le tuarascáil ina n-áireofar athbhreithniú ar an srian céatadáin a chuirtear i bhfeidhm ar an gceart CBL a asbhaint ar bhonn an Chinnidh seo.

*Airteagal 6*

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*